Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0309(NLE)**

**12386/20**
**ADD 1**

**WTO 293**
**COASI 128**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 678 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad

COM(2020) 678 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2020) 678 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2020
COM(2020) 678 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna**

# DRÉACHT

## CINNEADH UIMH. 3/2020 ÓN gCOMHCHOISTE FAOIN gCOMHAONTÚ COMPHÁIRTÍOHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEAPÁIN

**an [dáta]**

**maidir leis an leasú ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe mír 3 agus mír 4(b) Airteagal 23.2 agus mír 1 Airteagal 9 Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ón tráth a síníodh an Comhaontú, agus de thoradh an dul chun cinn maidir le plé rialála Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), tá an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta) ag cur i bhfeidhm Rialacháin bhreise de chuid na Náisiún Aontaithe nár liostáladh in Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2. Le cuimsiú na Rialachán breise sin de chuid na Náisiún Aontaithe in Aguisín 2-C-1, mhéadófaí deimhneacht dhlíthiúil na n-oibreoirí eacnamaíocha maidir le creat rialála na gcaidreamh trádála fabhrach idir na Páirtithe.

(2) Tar éis an mheasúnaithe fhabhraigh ón Meitheal um Mótarfheithiclí agus um Páirteanna an 11 Samhain 2019, deimhníodh go ndéanfaí leasú ar Aguisín 2-C-1 trí Rialacháin UNEC 53, 85, 145 agus 146 a áireamh ann, agus go ndéanfaí leasú ar Aguisín 2-C-2 trí Rialacháin UNECE 53 agus 85 a dhíliostú.

(3) Chuir na Páirtithe i gcrích cheana a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun an Cinneadh ón gComhchoiste faoin gComhaontú a ghlacadh; agus beartófar dá bhrí sin nótaí taidhleoireachta a mhalartú lena ndeimhnítear an Cinneadh laistigh de 15 lá tar éis a ghlactha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Cuirtear téacs Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Aguisín 2-C-1 den Chomhaontú.

2. Cuirtear téacs Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Aguisín 2-C-2 den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Tarraingítear an Cinneadh suas i ndúblach i dteangacha barántúla an Chomhaontaithe dá bhforáiltear i mír 1 d'Airteagal 23.8 den Chomhaontú, agus comhúdarás ag gach téacs acu.

*Airteagal 3*

Deimhneofar an Cinneadh seo agus tiocfaidh sé i bhfeidhm le malartú nótaí taidhleoireachta i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 23.2 den Chomhaontú. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis mhalartú na nótaí taidhleoireachta sin.

Arna dhéanamh in/i/sa ...,

*Thar ceann Chomhchoiste an Chomhaontaithe*

| | |
|---|---|
| Comhchathaoirleach [thar ceann na Seapáine] | Comhchathaoirleach [thar ceann an Aontais Eorpaigh] |

AGUISÍN 2-C-1

RIALACHÁIN DE CHUID NA NÁISIÚN AONTAITHE ARNA gCUR i bhFEIDHM AG AN DÁ PHÁIRTÍ

| Rialachán Uimh. | Teideal |
|---|---|
| 3 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gaireas ais-fhrithchaiteacha d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí |
| 4 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gaireas soilsithe uimhirphlátaí cúil de chuid feithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí |
| 6 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas treotháscairí d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus dá leantóirí |
| 7 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí tosaigh agus lampaí cúil, soilse coscáin agus lampaí cúil imlíne do mhótarfheithiclí (seachas gluaisrothair) agus dá leantóirí |
| 10 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach |
| 11 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le laistí dorais agus comhpháirteanna coinneála doirse |
| 12 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le cosaint an tiománaí ar an meicníocht stiúrtha i gcás tuairte |
| 13 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas fheithiclí chatagóirí M, N agus O i ndáil le coscánú |
| 13-H | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gluaisteán paisinéirí i ndáil le coscánú |
| 14 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le daingnithe creasa sábháilteachta, córais daingniúcháin ISOFIX, daingnithe uachtaracha ISOFIX agus ionaid suí i-Size |
| 16 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas:<br>I. Criosanna sábháilteachta, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh agus srianta sábháilteachta linbh ISOFIX do thaistealaithe feithiclí cumhacht-tiomáinte<br>II. Feithiclí atá feistithe le criosanna sábháilteachta, meabhrúchán criosanna sábháilteachta, córais srianta, córais srianta linbh, córais srianta linbh ISOFIX agus córais srianta linbh i-Size |
| 17 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil leis na suíocháin, a |

| | |
|---|---|
| | n-ancaireachtaí agus aon cheannbhac |
| 19 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí ceo tosaigh ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte |
| 21 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena bhfeistis inmheánacha |
| 23 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí soilse cúlaithe agus ainlithe d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus dá leantóirí |
| 25 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas srianta ceannbhaic (tacaí cinn), bídís ionchorpraithe i suíocháin feithicle nó ná bídís |
| 26 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena starráin sheachtracha |
| 27 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas triantán réamhrabhaidh |
| 28 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gaireas rabhaidh inchloiste agus mótarfheithiclí i ndáil lena gcomharthaí inchloiste |
| 30 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas bonn aeir le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí |
| 34 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le rioscaí dóiteáin a chosc |
| 37 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí filiméid le húsáid in aonaid lampaí formheasta ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí |
| 38 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas cúl-lampaí ceo d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus dá leantóirí |
| 39 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil leis an trealamh luasmhéadair agus odaiméadair lena n-áirítear a shuiteáil |
| 41 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gluaisrothar i ndáil le torann |
| 43 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le hábhair gloinithe sábháilteachta a fhormheas agus a fheistiú ar fheithiclí |
| 44 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le gairis srianta do leanaí atá i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte ('Córais Srianta Linbh') a fhormheas |
| 45 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas glantóirí ceannlampaí, agus feithiclí cumhacht-tiomáinte maidir le glantóirí ceannlampaí |
| 46 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gaireas amhairc neamhdhírigh agus mótarfheithiclí i ndáil le suiteáil na ngaireas sin |
| 48 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le gléasanna soilsithe agus comharthaíocht solais a shuiteáil |

| | |
|---|---|
| 50 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí tosaigh, lampaí cúil, soilse coscáin, treotháscairí agus gaireas soilsithe uimhirphlátaí cúil d'fheithiclí chatagóir L |
| 51 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí a bhfuil ar a laghad ceithre roth fúithi maidir lena n-astaíochtaí torainn |
| 53 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí d'aicme L3 i ndáil le gléasanna soilsithe agus comharthaíocht solais a shuiteáil |
| 54 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas bonn aeir le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí |
| 58 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhormheas:<br>I. Gléasanna cosanta fobharra cúil (RUPDanna)<br>II. Feithiclí maidir le suiteáil gléasanna cosanta fobharra cúil de chineál formheasta<br>III. Feithiclí i ndáil lena bhfobharra cosanta ar cúl (RUP) |
| 60 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gluaisrothar agus móipéidí dhá roth i ndáil le rialuithe arna n-oibriú ag tiománaithe lena n-áirítear rialuithe, leideoirí agus táscairí a shainaithint |
| 62 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí cumhacht-tiomáinte ar a bhfuil hanlaí i ndáil lena gcosaint ar úsáid neamhúdaraithe |
| 64 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena dtrealamh, a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu: aonad spártha le haghaidh úsáid shealadach, boinn reatha éigeandála agus/nó córais reatha, agus/nó córas faireacháin bhrú na mbonn |
| 66 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí móra paisinéirí i ndáil le neart a bhforstruchtúir |
| 70 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas plátaí marcála cúil d'fheithiclí troma agus fada |
| 75 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas bonn aeir le haghaidh fheithiclí chatagóir L |
| 77 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí páirceála le haghaidh feithiclí cumhacht-tiomáinte |
| 78 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas fheithiclí chatagóirí L1, L2, L3, L4 agus L5 i ndáil le coscánú |
| 79 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le trealamh stiúrtha |
| 80 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas suíochán i bhfeithiclí móra paisinéirí agus i ndáil le neart na suíochán agus a n-ancaireachtaí |
| 81 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas scáthán siar atá i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte dhá roth a bhfuil taobhcharr acu nó nach bhfuil, i ndáil le |

| | |
|---|---|
| | scátháin siar a fheistiú ar hanlaí |
| 85 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas inneall dócháin inmheánach nó traenacha tiomána leictrí atá ceaptha le mótarfheithiclí chatagóirí M agus N a thiomáint i ndáil le tomhas na glanchumhachta agus uaschumhacht 30 nóiméad ag traenacha tiomána leictrí |
| 87 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí reatha a oibríonn i rith an lae le haghaidh feithiclí cumhacht-tiomáinte |
| 91 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas taobhlampaí le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí |
| 93 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhormheas:<br>I. Fobharra cosanta tosaigh (FUPDanna)<br>II. Feithiclí i ndáil le suiteáil FUPD de chineál formheasta<br>III. Feithiclí i ndáil lena fochosaint tosaigh |
| 94 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh tosaigh |
| 95 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh taobhach |
| 98 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas ceannsoilse mótarfheithiclí atá feistithe le foinsí solais gás-díluchtaithe |
| 99 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas foinsí solais gás-díluchtúcháin le húsáid i lampa-aonaid fhormheasta i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte |
| 100 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le ceanglais shonracha i gcás na traenach cumhachta leictrí |
| 104 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas marcanna ais-fhrithchaiteacha d'fheithiclí chatagóir M, N agus O |
| 110 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhormheas:<br>I. Comhpháirteanna sonracha mótarfheithiclí a úsáideann gás nádúrtha comhbhrúite (CNG) agus/nó gás nádúrtha leachtaithe (LNG) ina gcóras tiomána<br>II. Feithiclí i ndáil le comhpháirteanna sonracha de chineál formheasta a shuiteáil chun go bhféadfar gás nádúrtha comhbhrúite (CNG) agus/nó gás nádúrtha leachtaithe (LNG) a úsáid ina gcóras tiomána |
| 112 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas ceannlampaí mótarfheithiclí as a n-astaíonn léas maolaithe neamhshiméadrach nó príomhléas nó an dá cheann acu agus atá feistithe le lampaí filiméid agus/nó modúil dé-óide astaithe solais (LED) |
| 113 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas ceannlampaí mótarfheithicle a astaíonn léas maolaithe siméadrach nó príomhléas nó an dá cheann acu agus atá feistithe le foinsí solais gás-díluchtaithe filiméid agus/nó modúil LED |
| 116 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithiclí a chosaint ar úsáid |

| | |
|---|---|
| | neamhúdaraithe |
| 117 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas bonn i ndáil le hastaíochtaí fuaime ó rolladh bonn agus/nó greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus/nó friotaíocht rollach |
| 119 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas lampaí coirnéil le haghaidh feithiclí cumhacht-tiomáinte |
| 121 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le suíomh agus le sainaithint rialaitheoirí láimhe, leideoirí agus táscairí |
| 123 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas córas soilse tosaigh oiriúnaitheach (AFS) do mhótarfheithiclí |
| 125 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí i ndáil le réimse radhairc chun tosaigh an tiománaí mótarfheithicle |
| 127 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena bhfeidhmíocht ó thaobh shábháilteacht na gcoisithe de |
| 128 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas foinsí solais dé-óide astaithe solais (LED) le húsáid i lampa-aonaid fhormheasta ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí |
| 129 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le Córais Fheabhsaithe Srianta Sábháilteachta Linbh a úsáidfear ar bord mótarfheithiclí (ECRS) a fhormheas |
| 130 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí i ndáil le Córas Rabhaidh Imeachta ó Lána (LDWS) |
| 131 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí i ndáil leis na hArdchórais Coscánaithe Éigeandála (AEBS) |
| 134 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí agus a gcomhpháirteanna i ndáil le feidhmíocht sábháilteachta Feithiclí Hidrigine (HFCV)[1] |

[1] Don tSeapáin, sa mhéid go marcáiltear na coimeádáin i gcomhréir le hAirteagal 46 d'Acht Um Shábháilteacht Gáis Ardbhrú (Rialachán Uimh. 204 1951) na Seapáine, is iad seo a leanas na coinníollacha faoina formheastar cineál feithicle arna fhormheas ag údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 134 de chuid na Náisiún Aontaithe:

(a) an tráth a cuireadh an t-iarratas isteach de bhun Acht Um Shábháilteacht Gáis Ardbhrú na Seapáine, léireoidh an monaróir nó a ionadaí dlíthiúil:
   (i) go bhfuil ábhar na gcoimeádán coibhéiseach le SUS F 316L, mar a shonraítear faoi JIS (Caighdeán Tionsclaíoch na Seapáine) G 3214; chun críoch na fomhíre seo, meastar an ceanglas sin a bheith comhlíonta más rud é go gcomhlíontar DIN1.4435 mar dháta teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
   (ii) gur mó ná 28.5 'an Choibhéis Nicile' (% de réir maise); chun críocha na fomhíre seo, is mar seo a leanas a shaineofar 'Coibhéis Nicile' (% maise): '12.6[C]+0.35[Si]+1.05[Mn]+[Ni]+0.65[Cr]+0.98[Mo]' agus cruthófar an choibhéis le Material Mill Sheet [teastas tástála ábhair]; agus
   (iii) gur mó ná 75 % toradh na tástála i gcás 'Laghdú an Dromchla'; i gcás ina mbíonn toradh na tástála idir 72 % agus 75 %, déanfar an t-iarratas a scrúdú agus aird á tabhairt ar 'an gCoibhéis Nicile'; agus

| | |
|---|---|
| 135 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena bhfeidhmíocht i gcás Tuairt Thaobhach in aghaidh Cuaille (PSI) |
| 136 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí chatagóir L i ndáil le ceanglais shonracha i gcás na traenach cumhachta leictrí |
| 137 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le gluaisteáin paisinéirí a fhormheas i gcás imbhualadh tosaigh agus béim ar an gcóras bactha |
| 138 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas Feithiclí Ciúine Iompair ar Bhóthar i ndáil lena n-inchloisteacht laghdaithe |
| 139 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gluaisteán paisinéirí i ndáil le Córais Cúnta Coscánaithe (BAS) |
| 140 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas gluaisteán paisinéirí i ndáil le córais Rialaithe Leictreonaigh Cobhsaíochta (ESC) |
| 141 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena gCórais Faireacháin um Bhrú na mBonn (TPMS) |
| 142 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí i ndáil le suiteáil a mbonn |
| 145 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil le córais ancaireachta ISOFIX, ancaireachtaí uachtaracha ISOFIX, agus ionaid suí i-Size |
| 146 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas mótarfheithiclí agus a gcomhpháirteanna i ndáil le feidhmíocht sábháilteachta feithiclí hidrigine atá faoi chatagóirí L1, L2, L3, L4 agus L5 |

(b) déanfar cigireacht thréimhsiúil gach dhá bhliain ar fheithiclí aonair i dtaca leis an gcóras stórála hidrigine i gcomhréir le hAirteagal 49 agus le hAirteagal 49-4 d'Acht Um Shábháilteacht Gáis Ardbhrú na Seapáine agus bainfear an córas tar éis 15 bliana ón dáta táirgthe.

Ní bheidh feidhm ag an bhfonóta seo tráth a chuirfidh an dá Pháirtí i gcrích obair Chéim 2 de Rialachán teicniúil domhanda GTR Uimh. 13 ar fheithiclí hidrigine agus ar fheithiclí breosla-chille agus nuair a bheidh an Rialachán comhfhreagrach de chuid na Náisiún Aontaithe curtha i bhfeidhm acu faoi Chomhaontú 1958 chomh maith.

AGUISÍN 2-C-2

RIALACHÁIN DE CHUID NA NÁISIÚN AONTAITHE ARNA gCUR I bhFEIDHM AG CEANN AMHÁIN DE NA PÁIRTITHE AGUS NÁR MHEAS AN PÁIRTÍ EILE FÓS

| Rialachán Uimh. | Teideal | Dáta cur i bhfeidhm ag an bPáirtí eile[2] |
|---|---|---|
| 73 | Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhormheas: I. Feithiclí i ndáil lena bhfobharra cosanta taoibh (LPD) II. Fobharra cosanta taoibh (LPD) III. Feithiclí i ndáil le suiteáil LPD de chineál formheasta i gcomhréir le Cuid II den Rialachán seo | |
| 126 | forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas córas deighilte chun paisinéirí a chosaint ar bhagáiste díláithrithe, arna soláthar mar threalamh feithicle nach trealamh bunaidh é | |

2 Dátaí le socrú i gcomhréir le fomhír 2 d'Airteagal 5 den Iarscríbhinn seo.